Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

- deonaithe ag Dáil Éireann faoin Acht um Leithreasú 2017, lena n-áirítear an tsuim arbh fhéidir í a úsáid mar leithreasaí-i- gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- soláthraithe do sheirbhísí soláthair caipitil i 2017 as leithreasuithe neamhchaite ó 2016, faoi na socruithe do ghéilleadh iarchurtha a leagadh síos ag alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear barrachas €3.42 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

## Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Maidir leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta chun cuntais leithreasa a ghiniúint, mar atá leagtha amach ag an gCiorclán 25 de 2017 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireadh i bhfeidhm iad in ullmhú an chuntais, agus tá na heisceachtaí sa liosta thíos.

***Sócmhainní caipitil: feithiclí agus trealamh***

Tá feithiclí gafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitiúla ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain ar bhonn líne dírí.

Dímheastar cuitéar na gCustam ag ráta 5% sa bhliain de réir mhodh na líne dírí.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt, seachas dearbhráthaíocht, gcumhdaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistithe Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí roinnte Acmhainní Daonna agus Párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le hAcmhainní Daonna agus seirbhísí comhroinnte Párolla a chur ar fáil.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach
- tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe Riaracháin agus Bainistiú Tuairiscithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdháileadh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Folaíonn sé seo na heilimintí seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht ardbhainistíochta.
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- folaíonn na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú;
    - — struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
    - — scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca, amhail an Bhreatimeacht
    - — córas pleanála straitéisí/gnó chomhtháite agus Bainistithe Riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal Eagraíochtúil, Rannóige agus Brainse
    - — modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail do na tionscadail shuntasacha go léir.
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Soláthar poiblí***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go hiomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Mar a iarrtar de réir chiorclán 40/2002 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tuairisc tíolactha agam maidir le soláthair i 2017 gan próiseas tairisceana iomaíoch, ar luach €1,676,644. Chomh maith leis sin, leanadh le conarthaí i 2017 ar luach €13,012,637, a bhí faoi réir tairiscint iomaíoch i dtosach. Ba é €14,689,281 an t-iomlán in éineacht agus folaíonn sé:

- €8,987,859 (27 conradh) caite ar earraí agus ar sheirbhísí ó sholáthraithe dílsithe chun tacaíocht, cothabháil agus ceadúnú TFC (agus córais eile) a chlúdach a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta dóibh.
- €2,900,886 (10 gconradh) i gconarthaí sínte ag feitheamh le socruithe athsholáthair a bheith ar fáil ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.
- €1,375,543 (8 gconradh) i bhfeidhm le soláthraithe a sholáthair sainscileanna agus saineolas riachtanach.
- €893,799 (10 gconradh) i bhfeidhm le soláthraithe aonair earraí agus seirbhísí riachtanacha.
- €531,194 (1 chonradh) athinfheistithe in aghaidh na dtreoirlínte náisiúnta soláthair. Baineann sé seo le conradh seanbhunaithe do sheirbhísí teileafónaí do ranna Rialtais. Tá sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim oibriú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le teileafónaithe seachtracha a úsáid.

Tá córas bainistithe airgeadais á oibriú ag an Oifig a dhéanann taifeadadh ar shonraí gach soláthraí earraí agus seirbhísí agus íocaíochtaí gaolmhara. Áirítear ar an mbunachar sonraí seo taifid a bhaineann le comhaontuithe fadtéarmacha seirbhíse, tacaíochta agus cothabhála, maidir le bogearraí, crua-earraí TF agus cumarsáid go príomha, sa chás nach bhfuil gnáth-thairiscintí praiticiúil ná indéanta. Níl na socruithe seo san áireamh i gCiorclán 40/2002 ach déantar iad a thaifeadadh ar leithligh.

Is é polasaí m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha go léir atá ar fáil chomh luath agus a bhíonn siad ar fáil, agus caidreamh a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais sa chás go mbíonn riachtanais níos sainiúla againn. Coimeádfar rialaithe ar bun chun comhlíontacht leis an straitéis seo a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa foirmiúil. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí tógtha le tabhairt fúthu agus, don mhéid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun a aithníonn na príomhrioscaí don Oifig seo agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus tionchar. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) é a nótáil. Cuireann an Coiste san áireamh chomh maith aiseolas a fhaightear ó na bainisteoirí Rannóige nuair atá cinneadh á dhéanamh ar chóir athruithe a dhéanamh do thosaíocht nó rangú riosca.

Tá Aonad Cosanta Sonraí ar bun a bhfuil freagracht aige as bainistiú agus riar foriomlán cosanta sonraí sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ann chomh maith arb é a bpríomhról comhlíontacht a chinntiú leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus polasaithe cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don CCB, nuair is cuí, go tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialaithe bainteacha agus go bhfuil próisis curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Bonn eolais d'obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Deacrachtaí Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

27 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráíd Thithe an Oireachtas

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoin gcuntas leithreasa

- go léiríonn sé i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- gur ullmhaíodh é san fhormáid a d'ainmnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bunús don tuairim***

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa*. Tá mé neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile***

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa* ar mo fhreagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu d'eisceacht.

***Tuairisciú ar ábhair a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 17 de mo thuairisc ar na cuntais do na seirbhísí poiblí i leith 2017 d'ábhair áirithe a bhaineann le Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Seamus MacCárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,

# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A Riar agus bailiú cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann | | | | |
| *Soláthar na bliana reatha* | 409,380 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | 411,380 | 410,874 | 397,003 |
| **Caiteachas comhlán** | | **411,380** | **410,874** | **397,003** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **68,239** | **71,153** | **74,696** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar na bliana reatha* | 341,141 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | | | |
| | | **343,141** | **339,721** | **322,307** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fhéidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar na leithreasaí neamhchaite uile, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena caitheamh sa bhliain ina dhiaidh.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 3,420,000 | 10,805,980 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (2,000,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **3,420,000** | **8,805,980** |

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

27 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 293,808 | 288,101 |
| Neamhphá | | 117,066 | 108,902 |
| **Caiteachas comhlán** | | **410,874** | **397,003** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **71,153** | **74,696** |
| **Glanchaiteachas** | | **339,721** | **322,307** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (20,709) | | |
| Dímheas | 17,564 | | |
| Fáltas airgid ar dhiúscairtí | 69 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (20) | | |
| | | (3,096) | (8,327) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 384 | | |
| Laghdú ar stoc | 197 | | |
| | | 581 | 4,524 |
| **Caiteachas díreach** | | **337,206** | **318,504** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1) | | 109,918 | 88,956 |
| Cíosanna barúlacha (neamhairgid tirim) | | 9,936 | 9,969 |
| **Glanchostas chláir** | | **457,060** | **417,429** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile agus suimeanna a íoctar ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | 94,061 | 73,202 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 18,825 | 18,541 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | | 744 | 154 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | | — | 561 |
| | | 113,630 | 92,458 |
| Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan muireara[a] | m | (3,712) | (3,502) |
| | | **109,918** | **88,956** |

[a] Chomh maith le seirbhísí gan muirear (€3.7milliún) do Vótaí eile léirithe anseo, cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €1,107,000 ar fáil gan muirear do chomhlachtaí gan vóta.

Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **75,748** | **71,356** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 9,687 | 21,771 |
| Stoic | 2.4 | 1,370 | 1,567 |
| Réamhíocaíochtaí | | 13,231 | 13,278 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,884 | 1,884 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 2,509 | 1,731 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 85 | (7,194) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **28,766** | **33,037** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 4,274 | 3,193 |
| Ioncam iarchurtha | | 113 | 135 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 12,281 | 16,308 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **16,668** | **19,636** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 12,098 | 13,401 |
| **Glansócmhainní** | | **87,846** | **84,757** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **87,846** | **84,757** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 84,757 | 80,928 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 341,141 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | 2,000 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (3,420) | | |
| Vóta glan | | | 339,721 | 322,307 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 109,918 | 88,956 |
| Caiteachas neamhairgid tirim – cíos barúlach | 1 | | 9,936 | 9,969 |
| Nithe neamhairgid thirim eile – feithiclí a urghabháladh | | | 574 | 26 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (457,060) | (417,429) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **87,846** | **84,757** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige/TF | Troscán agus feisteáin | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlán** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 16,351 | 426,487 | 59,823 | 6,558 | 509,219 |
| Breiseanna | 1,397 | 6,221 | 3,284 | 10,528 | 21,430 |
| Feithiclí gafa a leithreasaíodh | 574 | — | — | — | 574 |
| Sócmhainní faoi fhorbairt caipitlithe | — | 14,296 | — | (14,296) | — |
| Aistrithe ó Vóta 10 | — | 4 | — | — | 4 |
| Aistrithe chuig Vóta 10 | — | (3) | — | — | (3) |
| Diúscairtí | (1,136) | (6,360) | (1,965) | — | (9,461) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 17,186 | 440,645 | 61,142 | 2,790 | 521,763 |
| **Dímheas carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 11,897 | 372,468 | 53,498 | — | 437,863 |
| Aistrithe chuig Vóta 10 | — | (2) | — | — | (2) |
| Dímheas don bhliain | 1,358 | 14,671 | 1,537 | — | 17,566 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,125) | (6,336) | (1,951) | — | (9,412) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 12,130 | 380,801 | 53,084 | — | 446,015 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **5,056** | **59,844** | **8,058** | **2,790** | **75,748** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 4,454 | 54,019 | 6,325 | 6,558 | 71,356 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 9,685 | 21,768 |
| Iarmhéideanna chuntais bhainc thráchtála | 2 | 3 |
| | **9,687** | **21,771** |

## 2.4 Stoic

| Ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 975 | 934 |
| Ábhar inchaite TF | 11 | 225 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 384 | 408 |
| | **1,370** | **1,567** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí ar fhoirgneamh comhroinnte | 215 | 183 |
| Réamhíocaíochtaí chun críocha costas taistil agus cothabhála | 18 | 19 |
| Réamhíocaíochtaí d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, srl. | 1,689 | 906 |
| Míreanna ilghnéitheacha ar fionraí | 247 | 352 |
| Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 340 | 271 |
| | **2,509** | **1,731** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,818 | 5,430 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 1,794 | 2,315 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,801 | 1,734 |
| Cáin Bhreisluacha | 429 | 756 |
| Cáin Maoine Áitiúil | 47 | 61 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 799 | 1,945 |
| Fáltais bhreise an Státchiste | 424 | — |
| | 9,112 | 12,241 |
| | | |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 3,019 | 4,020 |
| Caiteachas in-aisghabhála roimh ré [a] | 52 | (32) |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 98 | 79 |
| | **12,281** | **16,308** |

[a] I 2016, nochtaíodh an caiteachas in-aisghabhála roimh ré (€32,000) i Nóta 2.5 Iarmhéideanna dochair eile.

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 3,420 | 8,806 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 2,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,505) | (3,612) |
| **Glan-mhaoiniú Státchiste dlite** | **(85)** | **7,194** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 9,687 | 21,771 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2,509 | 1,731 |
| | 12,196 | 23,502 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (9,112) | (12,241) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (3,169) | (4,067) |
| | (12,281) | (16,308) |
| | **(85)** | **7,194** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,351 | 3,899 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | **2,351** | **3,899** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-cheannteideal

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus achoimre ar na fáthanna d'athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 301,645 | 293,808 | 288,101 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 4,100 | 4,670 | 3,956 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais eile ó lá go lá | | 18,035 | 20,943 | 19,721 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 10,200 | 11,198 | 10,057 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 53,950 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,000 | 55,950 | 56,855 | 52,304 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 7,000 | 7,954 | 7,507 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 50 | 47 | 53 |
| viii | Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh | | 3,000 | 3,807 | 4,376 |
| ix | Muirir, táillí agus dámhachtainí dlí | | 10,900 | 11,250 | 10,532 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | | 500 | 342 | 396 |
| | | | **411,380** | **410,874** | **397,003** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*viii* *Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh*

Soláthar mheastacháin: €3 milliún, toradh: €3.8 milliún

Bhí an méadú €807,000 ar chaiteachas ar cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh ann mar gheall ar an méid cothabhála tráthrialta ar mhótarfheithiclí, scanóirí agus báid a bheith níos airde ná mar is gnáth i 2017.

*x* *Cúiteamh agus caillteanais*

Soláthar mheastacháin: €500,000, toradh: €342,000

Bhí an laghdú €158,000 ar chaiteachas ar chúiteamh agus caillteanais ann mar gheall ar chostais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Féadann cúiteamh agus caillteanais a bheith deacair a mheas mar gheall ar nádúr mírialta agus fada an phróisis íocaíochtaí.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais le haghaidh seirbhísí i ndáil leis an scéim Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2 | Fíneálacha, forghéillte nó costais dlí aisghafa | 3,600 | 2,895 | 3,269 |
| 3 | Uimhreacha caomhnaithe | 150 | 198 | 257 |
| 4 | Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil | 400 | 397 | 394 |
| 5 | Sciar an chostais bailithe SASP (Údarú Amháin do Nósanna Imeachta Simplithe) | 15,600 | 17,885 | 19,892 |
| 6 | Ilghnéitheach | 2,000 | 2,441 | 2,500 |
| 7 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann na státseirbhíse | 9,052 | 9,900 | 10,947 |
| | | **68,239** | **71,153** | **74,696** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.9 milliún níos mó ná mar a bhí an meastachán.

Tá na míniúcháin ar na hathrúcháin leagtha amach thíos:

2 *Fíneálacha, forghéillte nó costais dlí aisghafa*

Soláthar mheastacháin: €3.6 milliún, toradh: €2.895 milliún

Bhí an t-easnamh €705,000 ann mar gheall gur tugadh isteach socrú nua tráthíocaíochtaí. Mar thoradh air seo, bhí deacracht eatramhach ann le huainiúchán, rud a chúiteofar le himeacht ama.

5 *Sciar an chostais bailithe SASP (Údarú Amháin do Nósanna Imeachta Simplithe)*

Soláthar mheastacháin: €15.6 milliún, toradh: €17.885 milliún

Bhí an méadú €2.285 milliún breise ann mar gheall ar luach na n-iompórtálacha ag cuideachtaí príobháideacha chuig ballstáit eile, rud atá deacair a thuar. Tógtar cur chuige coimeádach nuair atá an meastachán á ullmhú.

6 *Míreanna Ilghnéitheacha*

Soláthar mheastacháin: €2 milliún, toradh: €2.441 milliún

Bhí an méadú €441,000 ann mar gheall ar (i) an méadú i líon na ndaoine a d'íoc le cárta creidmheasa, (ii) an méadú in aisíocaíochtaí Vóta.

7 *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse*

Soláthar mheastacháin: €9.052 milliún, toradh: €9.9 milliún

Bhí an méadú €848,000 ann mar gheall ar an athbhreithniú ar Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus an méadú i líon na mball foirne.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | 460 |
| Airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 | 862 | 439 |
| Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghóchumtha/frithchontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní | 750 | 768 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1,188) | (1,667) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **424** | **—** |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | **6,113** | **6,054** |

Ag deireadh 2017, áirítear ar an líon foirne 106 oifigeach cléireachais sealadacha (2016:86), 48 díobh a phléigh le riar na Cánach Maoine Áitiúla. Chlúdaigh an chuid eile buaic-thréimhsí gnó ar fud na heagraíochta.

## 5.2 Pá

| | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 271,404 | 266,807 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 4,087 | 4,131 |
| Ragobair | 2,490 | 2,398 |
| ÁSPC an fhostóra | 15,827 | 14,765 |
| **Pá iomlán** | **293,808** | **288,101** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó 2017<br>€ | An íocaíocht aonair is mó 2016<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 116 | 14 | 21,304 | 17,288 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,757 | 78 | 17,085 | 17,297 |
| Liúntais le haghaidh sealobair agus obair uainchláir | 215 | 25 | 23,413 | 23,177 |
| Míreanna Ilghnéitheacha | 241 | 4 | 28,385 | 13,280 |
| Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin | 324 | 93 | 25,478 | 23,548 |

## 5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €103,011 san iomlán ar Scéimeanna Aitheantais Foirne. Rinneadh 1,844 dámhachtain ar leithligh, ó €20 go €350.

## 5.5 Socruithe eile um luach saothair

Bhí costas gan aisghabháil de €295,380 ar fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí ar iasacht chuig ranna/gníomhaireachtaí eile (2016: €365,687).

Íocadh €65,125 in iomlán le triúr ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i 2017 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir mholadh Uimhir 19995 de chuid na Cúirte Oibreachais.

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €44,087 in iomlán i 2017 le 28 státseirbhíseach scortha i ndáil le táillí Bord Agallaimh, idirghabhálacha oiliúna agus costais finnéithe. Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Íocadh €24,742 le 12 bhall foirne i 2017 a athlonnaíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ó chomhlachtaí earnála poiblí eile. Bhí na híocaíochtaí seo mar chúiteamh ar chaillteanas teidlíochtaí óna bhfostaíocht roimhe seo, lena n-áirítear íocaíochtaí le haghaidh saoire bhliantúil agus scéimeanna fostaithe. Rinneadh na híocaíochtaí de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é €1,690,634 suim na ró-íocaíochtaí a thaifead an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag deireadh na bliana (797 fostaí) (2016: €1,512,222; 662 fostaí). Díobh seo, bhí pleananna aisghabhála i gceist le €730,512 (353 fostaí).

# Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

## 6.1 Díscríobhuithe

| Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana: | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stoc críon | **31** | **24** |

## 6.2 Muirir, táillí agus dámhachtainí dlí (fo-cheannteideal A (ix))

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Rangaítear costais dlí a íocadh le linn na bliana mar seo a leanas: | **€000** | **€000** |
| Dlíodóirí seachtracha | 4,713 | 4,583 |
| Táillí abhcóide | 2,406 | 2,532 |
| | | |
| Táillí agus costais eile: | | |
| Costais féimheachta/leachtaithe | 2,877 | 2,676 |
| Táillí cúirte | 10 | 8 |
| Costais agus dámhachtainí ilghnéitheacha | 1,244 | 733 |
| | **11,250** | **10,532** |

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Oifig** | **Costais dlí bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe na hOifige** | | | | | | |
| Caingean dlí a ghlac baill foirne lena n-áirítear éilimh a rinneadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. | 11 | 9 | 4 | 47 | 60 | 68 |
| Costais ilghnéitheacha a d'eascair as teagmhais a bhain leis an obair. | 5 | — | — | 1 | 1 | 5 |
| **Éilimh ón bpobal** | 26 | 20 | 215 | 46 | 281 | 323 |
| | | **29** | **219** | **94** | **342** | **396** |

## 6.4 Costais eadrána agus idir-réitigh

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim i 2017 i ndáil le headráin agus idir-réiteach (2016: €1,678).

## 6.5 Dliteanas teagmhasach

Tá dliteanais theagmhasacha de €1.5 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim ag deireadh na bliana (2016: €2.6 milliún).

## 6.6 Maoiniú AE

Fuarthas deontas €375,000 ón Oifig Frith-Chalaoise Eorpach i dtreo scanóir x-ghathach soghluaiste a fháil. Ba é seo an dara leath den tráthíocaíocht deontais AE €750,000 i dtreo an cheannacháin seo.